AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.8.2020
COM(2020) 361 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Riaracháin um an gCoinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR maidir leis an togra chun an Coinbhinsiún a leasú

CEANGALTÁN

LEASUITHE AR CHOINBHINSIÚN TIR

Leasuithe ar úsáid éigeantach an Bhainc Idirnáisiúnta Sonraí TIR (ITDB)

1. Airteagal 38, mír 2, an chéad líne
In áit laistigh de sheachtain amháin *cuir isteach* gan mhoill

2. Iarscríbhinn 6, Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 38, mír 2, an tríú líne
In áit a mheastar *cuir isteach* measfar

3. Iarscríbhinn 6, Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 9, Cuid II, mír 4
In áit Comhlíonfar na ceanglais dhlíthiúla do thíolacadh sonraí, mar a leagtar amach iad i mír 4 *cuir isteach* Tarchuirfear sonraí, mar a leagtar amach i mír 4

4. Iarscríbhinn 9, Cuid II, mír 4, an chéad líne
In áit laistigh de sheachtain amháin *cuir isteach* gan mhoill

5. Iarscríbhinn 9, Cuid II, mír 4, deireadh na míre
In áit i gcomhréir leis an údarú eiseamail ceangailte (MAF). *cuir isteach*
, áirítear orthu sin:

(a) Uimhir aitheantais aonair agus uathúil (ID) arna sannadh don duine ag an gcomhlachas ráthaíochta, i gcomhar leis an eagraíocht idirnáisiúnta lena bhfuil sí cleamhnaithe, i gcomhréir leis an bhformáid chomhchuibhithe arna cinneadh ag an gCoiste Riaracháin;
(b) Ainm (ainmneacha) agus seoladh (seoltaí) an duine (na ndaoine) nó an fhiontair, i gcás comhlachais gnó; ainmneacha na mbainisteoirí freagracha freisin;
(c) Ainm an teagmhálaí agus sonraí iomlán teagmhála; agus
(d) Cláruimhir thrádála nó uimhir cheadúnais iompair idirnáisiúnta nó uimhir eile (más ann di).

6. Iarscríbhinn 9, Cuid II, mír 5
In áit an téacs atá ann cheana *cuir isteach* Tarchuirfidh na comhlachais aon athrú ar shonraí na ndaoine údaraithe gan mhoill an uair bheacht a chuirtear sin ar a súile dóibh, chuig na húdaráis inniúla agus chuig Bord Feidhmiúcháin TIR.

7. Iarscríbhinn 9, Cuid II, Foirm Eiseamláireach Údaraithe (MAF)

Bain amach MAF atá i gceangal le hIarscríbhinn 9 Cuid II agus an téacs a ghabhann léi

Leasuithe maidir le foilsiú éigeantach liosta oifigí custaim arna fhormheas chun oibríochtaí TIR a chur i gcrích in ITDB

1. Iarscríbhinn 6, Nóta Míniúcháin nua 0.45
Cuir leis Nóta Míniúcháin nua 0.45-1 a ghabhann le hAirteagal 45 de Choinbhinsiún TIR a *léifear* mar a leanas:

"0.45-1 An fhoráil dhlíthiúil chun liosta na n-oifigí Custaim imeachta, oifigí custaim ar an mbealach agus oifigí Custaim chinn scríbe arna fhormheas chun oibríochtaí TIR a chur i gcrích, measfar é a bheith comhlíonta freisin trí úsáid chuí a bhaint as feidhmchláir leictreonacha arna bhforbairt chuige sin ag rúnaíocht TIR faoi mhaoirseacht Bhord Feidhmiúcháin TIR."

2. Iarscríbhinn 6, Nóta Míniúcháin 0.45

Athuimhriú Nóta Míniúcháin atá ann cheana, 0.45 *athrófar sin go dtí* 0.45-2.

Leasú maidir le saoráidí níos mó a bhféadfaidh páirtithe conarthacha a dheonú d'oibreoirí iompair

Cuir leis Nóta Míniúcháin nua a ghabhann le hAirteagal 49 a *léifear* mar a leanas:

0.49 Féadfaidh Páirtithe Conarthacha saoráidí níos mó a dheonú do dhaoine cuí-údaraithe, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, maidir le gcur i bhfeidhm fhorálacha an Choinbhinsiúin. Ba cheart go n-áireofar ar na coinníollacha a d'fhorordaigh na húdaráis inniúla ar dheonú na saoráidí sin, ar a laghad, cur i bhfeidhm na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide chun dea-iompar an nós imeachta TIR a áirithiú chomh maith leis an díolúine chun earraí a tháirgeadh, feithicil bhóthair, an comhdhéanamh na bhfeithiclí nó an coimeádán, leis an Carnet TIR ag oifigí Custaim imeachta nó oifigí Custaim, chinn scríbe, chomh maith le treoracha le haghaidh daoine cuí-údaraithe chun dualgais faoi leith a chomhlíonadh arna gcur de chúram ar údaráis chustaim de bhun Choinbhinsiún TIR, amhail, go háirithe, Carnet TIR a líonadh isteach agus a stampáil agus séala custaim a ghreamú nó a sheiceáil. Na daoine cuí-údaraithe a bhfuil aon tsaoráid níos mó deonaithe dóibh, ba cheart dóibh córas le haghaidh taifid a choinneáil a chur i bhfeidhm, córas a chuirfidh ar chumas na n-údarás custam rialú custaim éifeachtach a dhéanamh chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an nós imeachta agus rialuithe randamacha a chur i gcrích. Ba cheart saoráidí níos mó a dheonú gan dochar do dhliteanas shealbhóirí Carnet TIR mar atá sonraithe in Airteagal 11, mír 2 den Choinbhinsiún.

Leasuithe eile

1. Airteagal 20, líne 1

In áit an téacs atá ann cheana *cuir isteach* I gcás turais i gcríoch Pháirtí Chonarthaigh nó roinnt Páirtithe Conarthacha lena gcomhdhéantar aontas custaim nó eacnamaíoch, sonraigh na húdaráis inniúla chustaim

2. Iarscríbhinn 6, Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 8, mír 3, deireadh an chéad mhír

In áit $US 200,000 *cuir isteach* 400.000 euro